Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Telephone: +353-90-644 2759. Fax:+353-90-647 8430. Web: www.examinations.ie. E-mail: info@examinations.ie

S82/2013

To the Management Authorities of Post-Primary Schools

Leaving Certificate Mathematics Examination 2014 – Arrangements for Phase 3 of *Project Maths*

A chara,

As you are aware, students who commenced the Leaving Certificate course in September 2012, for examination in June 2014, have been studying all five strands of the new syllabus in Mathematics. The arrangements for the examination of these candidates are given below, and the relevant sample papers are enclosed.

1. Administration of Candidate Entries for the 2014 Examination

Please note that all candidates, other than those in the Project Maths initial schools, should continue to be recorded under subject code 003 (Mathematics) for the purpose of entries for the certificate examinations. The alternative subject code 200, which makes reference to Project Maths, is reserved for candidates from the initial schools.

2. Structure of the Examination; Sample Papers

Higher Level and Ordinary Level

The examinations at Higher level and at Ordinary level will each consist of two written papers, each carrying 300 marks.

Paper 1 will test the material in Strand 3, Strand 4, and Strand 5 of the new syllabus. There will be two sections on the paper, as follows:

- Section A: Concepts and Skills 150 marks
- Section B: Contexts and Applications 150 marks

Paper 2 will test the material in Strand 1 and Strand 2 of the new syllabus, along with material from Section 3.4 in Strand 3: *Length, Area and Volume*. There will be two sections on the paper, as follows:

- Section A: Concepts and Skills 150 marks
- Section B: Contexts and Applications 150 marks

In accordance with the footnote on page 22 of the syllabus, question 6 in section A will involve a choice between answering a question on the synthetic geometry set out in the syllabus, or answering a problem-solving question based on the geometrical results from the Junior Certificate syllabus at the corresponding level (2000 syllabus).

Both Paper 1 and Paper 2 will be presented as a combined question-and-answer booklet. Sample papers have been prepared, and ten copies are enclosed.

Foundation Level

The examination at Foundation level will consist of two written papers, each carrying 300 marks.

As a result of the experiences of candidates in the initial schools, the examinations at this level have been adjusted with respect to the balance between "Concepts and Skills" and "Contexts and Applications". Accordingly, the mark allocations to the different sections at this level differ from those that applied in the Phase 1 examinations in 2012, and also differ from those on the Phase 2 examination in the Project Maths initial schools.

Paper 1 will test the material in Strand 3, Strand 4 and Strand 5 of the new syllabus. There will be two sections on the paper, as follows:

- Section A: Concepts and Skills 200 marks
- Section B: Contexts and Applications 100 marks

Paper 2 will test the material in Strand 1 and Strand 2 of the new syllabus. There will be two sections on the paper, as follows:

- Section A: Concepts and Skills 200 marks
- Section B: Contexts and Applications 100 marks

In accordance with the footnote on page 22 of the syllabus, question 8 in section A will involve a choice between answering a question on the synthetic geometry set out in the syllabus, or answering a problem-solving question based on the geometrical results from the Foundation Level Junior Certificate syllabus (2000 syllabus).

Both Paper 1 and Paper 2 will be presented as a combined question-and-answer booklet. Sample papers have been prepared, and ten copies are enclosed.

Please note that Paper 2 at Foundation level is no longer accompanied by a separate sheet of formulae. In common with candidates at other levels, candidates at Foundation level will be provided with copies of the *Formulae and Tables* booklet.

Note: For the 2015 and subsequent examinations at Foundation level, the assessment component will consist of one written paper. In that paper candidates will be assessed by means of problems set in meaningful contexts.

3. Booklet Format; Examination Stationery

As noted above, both papers at all levels will be presented as combined question-and-answer booklets. Candidates should write their answers on this booklet. However, candidates may use additional stationery if required. In common with the examinations in other subjects, supplementary four-page answer-sheets (horizontally ruled) will be available. Squared paper will also be available. Please note that there will be no change to the style of squared paper available on loose sheets in the examination. That is, supplementary paper ruled at 5 mm intervals will **not** be available.

As noted above, and as indicated in circular S56/09, Paper 2 at Foundation level is no longer accompanied by a separate sheet of formulae. In common with candidates at other levels, candidates at Foundation level will be provided with copies of the *Formulae and Tables* booklet.

4. Additional Examination Resources

As you may be aware, some schools have been working with draft versions of the new syllabuses two years in advance of all other schools. Accordingly, the State Examinations Commission has produced some additional examination material for use in these initial schools. This material is available on our website, www.examinations.ie, and may be of interest to teachers and candidates preparing for the 2014 examinations. Furthermore, a substantial amount of resource material for teaching and learning has been made available by the National Council for Curriculum and Assessment and the Project Maths Development Team. The materials produced by and available from the State Examinations Commission are as follows:

2010 Examination in the Initial Schools

Paper 2 of the examination taken by the candidates in the initial schools in 2010 continues to be of relevance (at all three levels). These papers are available in the *Examination Material Archive* on our website, alongside the other examination papers in Mathematics from 2010. As previously notified, caution should be exercised in the use of these papers in two respects:

- The structure of the examination was somewhat different from that which applies to all schools in 2014.
- At Higher and Ordinary levels, some of the material tested on these papers was subsequently removed from the syllabus or deferred until the examination of 2015. Accordingly, the following questions from the 2010 papers are not relevant for 2014:
    - At Higher level: part (a) of question 2; parts (c) and (d) of question 6; part (c) of question 9A.
    - At Ordinary level: parts (c), (d), (e) and (f) of question 9A.

2011 Examination in the Initial Schools

Both Paper 1 and Paper 2 of the examination taken by the candidates in the initial schools in 2011 are of relevance (at all three levels). These papers are available in the *Examination Material Archive* on our website, alongside the other examination papers in Mathematics from 2011. Caution should be exercised in the use of these papers in the following respect:

- The structure of the examination was somewhat different from that which applies to other schools in 2014. In particular, Paper 1 has a Section C. This is different from that which applies for 2014, as are the mark allocations to questions in Section B on paper 2.

2012 Examination in the Initial Schools

Both Paper 1 and Paper 2 of the examination taken by the candidates in the initial schools in 2012 are of relevance (at all three levels). These papers are available in the *Examination Material Archive* on our website, alongside the other examination papers in Mathematics from 2012. Caution should be exercised in the use of these papers in the following respect:

- The structure of the examination at Foundation Level was somewhat different from that which applies to other schools in 2014. In particular, the mark allocations to Section A and Section B on both papers are different.

2013 Examination in the Initial Schools

Both Paper 1 and Paper 2 of the examination taken by the candidates in the initial schools in 2013 are of relevance (at all three levels). These papers are available in the *Examination Material Archive* on our website, alongside the other examination papers in Mathematics from 2013.

Sample Papers Issued for the 2012 Examinations in the Initial Schools

The enclosed sample papers for Phase 3 of the project are amended versions of the ones that issued to the initial schools two years' ago for their examination in 2012. Whereas the majority of the content of these sample papers remains unchanged, some material has been replaced in order to illustrate some particular aspects of the syllabus or its assessment. Notwithstanding this, the content that appeared on the original versions used in the initial schools continues to be relevant. These papers are available on our website under *Schools…Project Maths*, or by following the *Project Maths* link under "What's new" on the home page. These are subject to the same cautionary note as applies to the actual examinations of 2012 in the initial schools.

Sample Papers Issued for the 2011 Examinations in the Initial Schools

Both Paper 1 and Paper 2 of the sample papers issued to the initial schools in 2012 are of relevance (at all three levels). These papers are available on our website under *Schools…Project Maths*, or by following the *Project Maths* link under "What's new" on the home page. These are subject to the same cautionary note as applies to the actual examinations of 2011 in the initial schools.
It should also be noted that: at Foundation level, question 6A on paper 2 of the sample papers that issued to the initial schools for the 2011 examination deals with content that was subsequently removed from that syllabus. This question is therefore not relevant to the examination of 2014.

Trialling report

The comprehensive report on the trialling of the Phase 1 sample papers in the initial schools continues to be of relevance. The report includes model solutions, marking schemes, comments on the answering, exemplars of student work, and additional notes related to the assessment of

candidate work. This report is available on our website under *Schools…Project Maths*, or by following the *Project Maths* link under "What's new" on the home page.

Feedback on the 2011 Examinations in the Initial Schools

The State Examinations Commission provided a feedback document to the National Council for Curriculum and Assessment and the Project Maths Development Team (PMDT) following the examination of Phase 2 of Project Maths in the initial schools in 2011. This feedback was subsequently made available to all teachers during Workshop 6 of the in-career development programme delivered by the development team. The document consists of a summary of the observations of the examiners, along with recommendations for teachers and candidates. It is available on our website under *Schools…Project Maths*, or by following the *Project Maths* link under "What's new" on the home page.

Please bring this circular to the attention of all relevant teachers and candidates. If you have any questions regarding the content of this circular, please contact me at 090 644 2759.

Yours sincerely,

Rose Buckley
Higher Executive Officer
November 2013

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-644 2759. **Facs:**+353-90-647 8430. **Suíomh gréasáin:** www.examinations.ie. **R-phost:** info@examinations.ie

S82/2013

Chuig Údaráis Bhainistíochta na nIar-Bhunscoileanna

Scrúdú Matamaitice na hArdteistiméireachta in 2014
Socruithe le haghaidh Chéim 3 den *Tionscadal Mata*

A chara,

Mar is eol duit, tá na daltaí a thosaigh ar chúrsa na hArdteistiméireachta i mí Mheán Fómhair 2012, agus a dhéanfaidh an scrúdú i mí an Mheithimh 2014, ag déanamh staidéir ar na cúig shnáithe go léir den siollabas nua Matamaitice. Tugtar na socruithe do scrúdú na n-iarrthóirí seo thíos, agus tá na páipéir shamplacha a bhaineann le hábhar faoi iamh.

1. Riarachán na nIarratas ar Scrúdú na bliana 2014

Tabhair do d'aire, le do thoil, gur chóir na hiarrthóirí go léir, seachas iad siúd atá i scoileanna tionscnaimh Thionscadal Mata, a thaifeadadh i gcónaí faoin gcóduimhir 003 (Matamaitic) agus iontrálacha á ndéanamh ar na scrúduithe teistiméireachta. Tá an chóduimhir mhalartach 200, a thagraíonn don Tionscadal Mata, curtha i leataobh d'iarrthóirí as na scoileanna tionscnaimh.

2. Struchtúr an Scrúdaithe; Páipéir Shamplacha

An tArdleibhéal agus an Gnáthleibhéal

Dhá pháipéar scríofa a bheidh i scrúdú an Ardleibhéil agus an Ghnáthleibhéil araon, agus beidh 300 marc ag gabháil le gach páipéar díobh.

Tástálfar i bPáipéar 1 ábhar as Snáithe 3, Snáithe 4 agus Snáithe 5 den siollabas nua. Beidh dhá roinn sa pháipéar, mar leanas:

- Roinn A: Coincheapa agus Scileanna 150 marc
- Roinn B: Comhthéacsanna agus Feidhmeanna 150 marc

Tástálfar i bPáipéar 2 ábhar as Snáithe 1 agus as Snáithe 2 den siollabas nua mar aon le hábhar as Roinn 3.4 de Shnáithe 3: *Fad, Achar agus Toirt*. Beidh dhá roinn sa pháipéar, mar leanas:

- Roinn A: Coincheapa agus Scileanna 150 marc
- Roinn B: Comhthéacsanna agus Feidhmeanna 150 marc

De réir an fhonóta ar leathanach 22 den siollabas, is éard a bheidh i gCeist 6 i Roinn A ná rogha idir ceist a fhreagairt ar an gcéimseata shintéiseach mar atá leagtha amach sa siollabas, nó ceist a fhreagairt ina gcaithfear fadhbanna a réiteach bunaithe ar na torthaí céimseatan as siollabas an Teastais Shóisearaigh ar an leibhéal comhfhreagrach (siollabas 2000).

Freagarleabhair agus ceisteanna iontu a bheidh i bPáipéar 1 agus i bPáipéar 2 araon. Tá páipéir shamplacha ullmhaithe, agus tá deich gcóip díobh faoi iamh.

An Bonnleibhéal

Dhá pháipéar scríofa a bheidh i scrúdú an Bhonnleibhéil, agus 300 marc ag gabháil le gach páipéar díobh.

De thoradh ar thaithí na n-iarrthóirí sna scoileanna tionscnaimh, tá na scrúduithe ar an leibhéal seo coigeartaithe i dtaca leis an mbéim ar "Coincheapa agus Scileanna" agus "Comhthéacsanna agus Feidhmeanna" de. Tá difríocht dá réir sin idir dáileadh na marcanna ar an leibhéal seo agus an dáileadh a rinneadh i scrúdú Chéim 1 in 2012, agus an dáileadh a rinneadh i scrúdú Chéim 2 den Tionscadal Mata sna scoileanna tionscnaimh.

Tástálfar i bPáipéar 1 ábhar as Snáithe 3, Snáithe 4 agus Snáithe 5 den siollabas nua. Beidh dhá roinn sa pháipéar, mar leanas:

- Roinn A: Coincheapa agus Scileanna 200 marc
- Roinn B: Comhthéacsanna agus Feidhmeanna 100 marc

Tástálfar i bPáipéar 2 ábhar as Snáithe 1 agus as Snáithe 2 den siollabas nua. Beidh dhá roinn sa pháipéar, mar leanas:

- Roinn A: Coincheapa agus Scileanna 200 marc
- Roinn B: Comhthéacsanna agus Feidhmeanna 100 marc

De réir an fhonóta ar leathanach 22 den siollabas, is éard a bheidh i gCeist 8 i Roinn A ná rogha idir ceist a fhreagairt ar an gcéimseata shintéiseach mar atá leagtha amach sa siollabas, nó ceist a fhreagairt ina gcaithfear fadhbanna a réiteach bunaithe ar na torthaí céimseatan as siollabas Bonnleibhéil an Teastais Shóisearaigh (siollabas 2000).

Freagarleabhair agus ceisteanna iontu a bheidh i bPáipéar 1 agus i bPáipéar 2 araon. Tá páipéir shamplacha ullmhaithe, agus tá deich gcóip díobh faoi iamh.

Tabhair do d'aire nach mbeidh bileog foirmlí ag gabháil le Páipéar 2 ar an mBonnleibhéal feasta. Gheobhaidh iarrthóirí Bonnleibhéil cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* , dála na n-iarrthóirí ar na leibhéil eile.

Nóta: In 2015 agus sna blianta ina dhiaidh sin, páipéar scríofa amháin a bheidh i gcomhpháirt na measúnachta ar an mBonnleibhéal. Déanfar na hiarrthóirí a mheasúnú sa pháipéar sin le fadhbanna a shuífear i gcomhthéacsanna a mbeidh tuiscint acu orthu.

3. Leagan Amach an Fhreagarleabhair; Páipéarachas na Scrúduithe

Mar a luadh thuas, is éard a bheidh sa dá pháipéar ar gach leibhéal ná freagarleabhar agus ceisteanna iontu. Ní mór do na hiarrthóirí a bhfreagraí a scríobh sna freagarleabhair seo. Is féidir le hiarrthóirí páipéar breise a úsáid más gá, áfach. Mar is amhlaidh i gcás na scrúduithe in ábhair eile, beidh freagarleabhair bhreise ceithre leathanach (agus línte cothrománacha orthu) ar fáil ar iarratas. Beidh páipéar cearnógach ar fáil leis. Tabhair do d'aire nach bhfuil aon athrú déanta ar an gcineál páipéir chearnógaigh a bheidh ar fáil ar bhileoga scaoilte sa scrúdú. Is é sin le rá **nach** mbeidh páipéar breise le spás 5 mm idir gach líne ar fáil.

Mar a luadh thuas, agus mar a cuireadh in iúl i gciorclán S56/09, ní bheidh bileog foirmlí ag gabháil le Páipéar 2 ar an mBonnleibhéal feasta. Gheobhaidh iarrthóirí Bonnleibhéil cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí*, dála na n-iarrthóirí ar na leibhéil eile.

4. Áiseanna Breise do na Scrúduithe

Mar is eol duit, bhí roinnt scoileanna ag obair le dréachtleaganacha de na siollabais nua dhá bhliain níos túisce ná gach scoil eile. Dá réir sin, tá ábhar breise scrúdaithe curtha ar fáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit le húsáid sna scoileanna tionscnaimh sin. Tá an t-ábhar sin le fáil ar ár suíomh gréasáin, www.examinations.ie, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh suim ann ag múinteoirí agus ag iarrthóirí atá ag ullmhú do scrúduithe na bliana 2014. Ina theannta sin, tá méid substaintiúil d'ábhar acmhainní do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí curtha ar fáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus ag Foireann Fhorbartha Thionscadal Mata. Is iad seo a leanas na háiseanna atá curtha ar fáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus atá ar fáil i gcónaí.

Scrúdú 2010 sna Scoileanna Tionscnaimh

Páipéar 2 den scrúdú a rinne na hiarrthóirí sna scoileanna tionscnaimh (na trí leibhéal) sa bhliain 2010, baineann sé le hábhar i gcónaí. Tá na páipéir sin le fáil sa *Chartlann d'Ábhar Scrúduithe* ar ár suíomh gréasáin, maille leis na scrúdpháipéir Mhatamaitice eile don bhliain 2010. Ní mór iad a úsáid go haireach mar gheall air seo:

- Bhí struchtúr an scrúdaithe beagán difriúil leis an struchtúr a bheidh i bhfeidhm sna scoileanna eile sa bhliain 2014.
- Ar an Ardleibhéal agus ar an nGnáthleibhéal, tástáladh ábhar áirithe ar na páipéir a baineadh as an siollabas ina dhiaidh sin nó a cuireadh siar go dtí scrúdú na bliana 2015. Dá réir sin, ní bhaineann na ceisteanna seo a leanas ar pháipéir na bliana 2010 le hábhar do scrúduithe na bliana 2014:
    - **An tArdleibhéal:** cuid (a) de cheist 2; cuid (c) agus (d) de cheist 6; cuid (c) de cheist 9A.
    - **An Gnáthleibhéal:** cuid (c), (d), (e) agus (f) de cheist 9A.

Scrúdú 2011 sna Scoileanna Tionscnaimh

Páipéar 1 agus Páipéar 2 den scrúdú a rinne na hiarrthóirí sna scoileanna tionscnaimh (na trí leibhéal) sa bhliain 2011, baineann siad le hábhar i gcónaí. Tá na páipéir sin le fáil sa *Chartlann d'Ábhar Scrúduithe* ar ár suíomh gréasáin, maille leis na scrúdpháipéir Mhatamaitice eile don bhliain 2011. Ní mór iad a úsáid go haireach mar gheall air seo:

- Bhí struchtúr an scrúdaithe beagán difriúil leis an struchtúr a bheidh i bhfeidhm sna scoileanna eile sa bhliain 2014. Tá struchtúr Roinn C ar Pháipéar 1, go háirithe, difriúil le struchtúr 2014, mar atá dáileadh na marcanna ar na ceisteanna i Roinn B de Pháipéar 2.

Scrúdú 2012 sna Scoileanna Tionscnaimh

Páipéar 1 agus Páipéar 2 den scrúdú a rinne na hiarrthóirí sna scoileanna tionscnaimh (na trí leibhéil) sa bhliain 2012, baineann siad le hábhar. Tá na páipéir sin le fáil sa *Chartlann d'Ábhar Scrúduithe* ar ár suíomh gréasáin, maille leis na scrúdpháipéir Mhatamaitice eile don bhliain 2012. Ní mór iad a úsáid go haireach mar gheall air seo:

- Bhí struchtúr an scrúdaithe Bonnleibhéil beagán difriúil leis an struchtúr a bheidh i bhfeidhm sna scoileanna eile sa bhliain 2014. Tá dáileadh na marcanna ar Roinn A agus ar Roinn B éagsúil ar an dá pháipéar, go háirithe.

Scrúdú 2013 sna Scoileanna Tionscnaimh

Páipéar 1 agus Páipéar 2 den scrúdú a rinne na hiarrthóirí sna scoileanna tionscnaimh (na trí leibhéil) sa bhliain 2013, baineann siad le hábhar. Tá na páipéir sin le fáil sa *Chartlann d'Ábhar Scrúduithe* ar ár suíomh gréasáin, maille leis na scrúdpháipéir Mhatamaitice eile don bhliain 2013.

Páipéir shamplacha i gcomhair Scrúdú 2012 sna Scoileanna Tionscnaimh

Is leaganacha leasaithe iad na páipéir shamplacha seo i gcomhair Chéim 3 den tionscadal de na páipéir shamplacha a cuireadh chuig na scoileanna tionscnaimh dhá bhliain ó shin i gcomhair an scrúdaithe a bhí acu sin in 2012. Cé go bhfuil formhór an ábhair ar na páipéir shamplacha seo gan athrú i gcónaí, athraíodh cuid de mar mhaithe le gnéithe áirithe den siollabas nó den mheasúnú a léiriú. Dá ainneoin sin, tá feidhm i gcónaí leis an ábhar a bhí ar na bunleaganacha a bhí in úsáid sna scoileanna tionscnaimh. Tá na páipéir sin ar fáil ar ár suíomh gréasáin faoi *Scoileanna… Tionscadal Mata*, nó tríd an nasc "Project Maths" faoi "What's New" ar an leathanach baile a leanúint. Dála na scrúduithe féin sna scoileanna tionscnaimh in 2012, ní mór iad seo a úsáid go haireach freisin.

Páipéir shamplacha i gcomhair Scrúdú 2011 sna Scoileanna Tionscnaimh

Páipéar 1 agus Páipéar 2 araon as na páipéir shamplacha a ullmhaíodh do na scoileanna tionscnaimh sa bhliain 2012 (na trí leibhéil), baineann siad le hábhar. Tá na páipéir sin ar fáil ar ár suíomh gréasáin faoi *Scoileanna… Tionscadal Mata*, nó tríd an nasc "Project Maths" faoi "What's New" ar an leathanach baile a leanúint. Dála na scrúduithe féin sna scoileanna tionscnaimh in 2012, ní mór iad seo a úsáid go haireach freisin. Is cóir a thabhairt do d'aire, áfach, i gCeist 6A ar Pháipéar 2 de na páipéir shamplacha a cuireadh chuig na scoileanna tionscnaimh i gcomhair an Bhonnleibhéil i scrúdú 2011, go dtástáiltear ábhar a baineadh den siollabas ó shin i leith. Ní bhaineann an cheist sin le hábhar i scrúdú 2014, mar sin.

Tuairisc ar thriail

Tá tábhacht ag baint i gcónaí leis an tuairisc chuimsitheach ar an triail a rinneadh ar pháipéir shamplacha Chéim 1 sna scoileanna tionscnaimh. San áireamh sa tuairisc seo tá réitigh eiseamláireacha, scéimeanna marcála, nótaí ar na freagraí, eiseamláirí d'obair na ndaltaí, agus nótaí breise a bhaineann le measúnú obair na n-iarrthóirí. Tá an tuairisc ar fáil ar ár suíomh gréasáin faoi *Scoileanna… Tionscadal Mata*, nó tríd an nasc "Project Maths" faoi "What's New" ar an leathanach baile a leanúint.

Aiseolas ar Scrúduithe 2011 sna Scoileanna Tionscnaimh

Chuir Coimisiún na Scrúduithe Stáit cáipéis aiseolais ar fáil don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus d'Fhoireann Fhorbartha Thionscadal Mata tar éis scrúdú Chéim 2 den Tionscadal Mata sna scoileanna tionscnaimh in 2011. Cuireadh an t-aiseolas sin ar fáil do na múinteoirí uile ar ball le linn Cheardlann 6 den chlár forbartha inghairme a reáchtáil an fhoireann fhorbartha.
Is é atá sa cháipéis achoimre ar thuairimí na scrúdaitheoirí mar aon le moltaí do na múinteoirí agus do na hiarrthóirí. Tá an cháipéis ar fáil ar ár suíomh gréasáin faoi *Scoileanna… Tionscadal Mata*, nó tríd an nasc "Project Maths" faoi "What's New" ar an leathanach baile a leanúint.

Cuir an ciorclán seo ar a shúile do gach múinteoir agus iarrthóir a mbaineann sé leis, le do thoil.
Má tá ceisteanna agat mar gheall ar a bhfuil sa chiorclán seo, téigh i dteagmháil liomsa, le do thoil, ag 090 644 2759.

Is mise le meas,

Rose Buckley
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Samhain 2013